Teach an Phiarsaigh

Tógadh Teach an Phiarsaigh i dtírdhreach álainn Chonamara theas, i 1909 mar theach saoire do Phádraig Mac Piarais. Tá cáil ar an bPiarsach mar dhuine de cheannairí Éirí Amach 1916, ach ba iriseoir, file, drámadóir agus oideoir súntasach a bhí ann chomh maith, agus bhí tionchar nach beag ag pobal Ros Muc ar a chuid saothair. Le linn an tréimhse sin bhí Ros Muc ar cheann na ceantracha Gaeltachta ba láidre in Éirinn, rud atá fós fíor san lá atá inniu ann.

Thug an Piarsach cuairt ar Ros Muc den chéad uair i Mí Aibreán na bliana 1903. Bhí múinteoir áitiúl ag múineadh rang léitheorachta and scríobhnóireachta Gaeilge do dhaoine fásta, rud nach raibh ar fáil i mórán scoileanna an t-am sin. Iarradh ar an bPiarsach teacht agus scrúdú a chuir orthu. Thit sé i ngrá leis an gceantar agus an pobail láithreach.

Cheannaigh an Piarsach an suíomh ar bhruach Loch Oiriúlach i 1905, agus faoi 1909 bhí an teach réidh. Ní raibh meas madra ar thithe ceann tuí ag an am sin, ná ar na daoine a bhí ina gcónaí iontu. Mar sin is díol suntais a bhí ann gur roghnaigh Bleá Cliathach méan-aicmeach cosúil leis an bPiarsach a chuid saoire a chaitheamh ina leithid de theach. Ach bhí an t-uafás urraim agus meas ag Mac Piarais ar theanga agus ar chultúr phobal Ros Muc agus theastaigh uaidh marachtaint ina measc an oiread is a d'fhéadfadh sé. Dúirt sé le cara leis '*We could have here a little Gaelic Kingdom of our own*.'[1]

Bhí Colm Ó Gaora ina ghasúr óg nuair a thosaigh an Piarsach ag teacht go Ros Muc, agus rinne sé cuir síos fé mar a chaith sé a chuid ama: '*Ní ar chúl ar téarma a théadh an Piarsach i measc na ndaoine san áit. Ba é bothán an duine bhoicht a thaithíodh sé, ag caint is ag seanchas leis na seanfhundúirí ar leac an teallaigh, ach ní b'iondúla fós ag éisteacht agus ag crónú na saoithiúlachta a bhí ag baint leo*.'[2]

Thugadh an Piarsach cuairt ar Ros Muc chuile seans a gheobhfadh sé, agus thugadh sé leis a chairde agus a chlann. Rinne a dheirfúir Mary Brigid cuir síos ar chuairt amháin: *'The cottage door was flung open and the red glow from the turf fire shone out into the dusky evening, in a friendly fashion. The kitchen presented a most enticing appearance with its quaint oaken dresser and chairs, the shining cups and crockery ranged on the shelves the well-spread tea table, so cosy and appetising, and the turf fire on the hearth over which hung a singing kettle. My brother Pat was in high spirits and gave us 'the freedom of his country cottage' in quite a regal manner.'*

Cuireadh Pádraig Mac Piarais chun báis ar 3ú Bealtaine 1916 mar gheall ar an ról a bhí aige in Éirí Amach 1916. Le linn Cogadh na Saoirse i 1921 dhó na Dúbhchrónaigh Teach an Phiarsaigh mar aon le roinnt foirgneamh eile sa cheantar. Chuir muintir na háite cuí air an Teach mar chomhartha ómóis don Phiarsach. Bronnadh stádas Séadchomhartha Náisiúnta ar an Teach i 1943, agus sa lá atá inniu ann tá sé faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí.

[1] Seán Mac Giollarnáth, *Conmara*, 1954.
[2] Colm Ó Gaora, *Mise.*